

Guth Ghoill

Luach €1.50

Tá shúil agam go bhfuil sibh ag baint taitnimh as an irisleabhar áitiúil **"Guth Ghoill"**. Is é seo an 9ú eagrán agus tá muid ag iarraidh feabhas a chur air i rith an ama. Le sin a dhéanamh tá tacaíocht de dhíobháil orainn uaibhse na léitheoirí. Tá seanphictiúir iontach tábhachtach agus bíonn muid iontach sásta iad a fháil uaibh. Tabharfaimid aire mhaith daofa agus gheobhaidh sibh arais iad taobh istigh d'am goirid. Fosta táimid ag iarraidh chluinstin ó dhaoine atá as baile. Nuacht nó scéal ar bith atá acu a shíleann siad a bheith fóirsteanach do Ghuth Ghoill bheadh lúcháir orainn é a fháil uathu. Má tá moltaí ar bith agaibh don iris na bí gí faiteach, déan teagmháil linn ag **074 9154830**.

Tarraingeadh an pictiúr seo sa bhliain 1893 indiaidh do thógáil an ché ag Bord na gCeantar Cúng ach roimh an méadú mór a tháinig ar an iascaireacht scadán arbh é a ba chúis le theacht bádaí níos mó, le clos tógáil bád agus le hionad léasta iasc. Dáileadh na scadáin ar fud na tire le hasal agus cléibh. Tá dhá asal le feiceáil thuas ag fanacht ar an ché. De réir Welch, an staraí cliúiteach, "Is iad cuid scadán na nDúnaibh a gnóthaíonn an luach is mó ar an mhargadh Rúiseach".

'S iad cuid curracha na nDúnaibh atá le feiceáil anseo ach is as Oileán Thoraí an dá cheann a bhfuil crainn seoil orthu. Ba

curracha le céaslaí a bhí sna sean-churracha as Toraí a úsáidí go minic le dul go tír mór, ach faoin am seo bhí na hoileánaigh ag baint úsáide as curracha beaga rámháiochta, agus crann agus seol ar iompar acu ar uairibh. Ba ghnáth leis an churrach a bheith clúdaithe le craiceann róin nó craiceann capaill nó bó ach faoin am seo bhí siad ag baint úsáide as éadach. Deir Welch go raibh na curracha sa phictiúr seo clúdaithe le "dhá thiubhas de cheaileacó Mhanchuin agus é tarráilte agus ansin páipéar donn idir an dá chuid".

Ré Órða na hIascaireachta




Ré na gCurrach



Agus an Lá atá inniu ann!!



Iascaireacht.



Tá athrú mór tagtha ar thionscal na hiascaireachta anseo sna Dúnaibh le deich mbliana anuas. Is é iascaireacht na gcrúbóg an t-aon iascaireacht lánaimseartha atá ag dul ar aghaidh anois ach ag an am chéanna tá forbairt shuntasach déanta ar mhuiriascaireacht slaite. Bheireann tionscal na hiascaireachta fostaíocht lánaimseartha do dhá scór duine agus fostaíocht páirt-aimseartha do scór eile idir mí na Márta agus mí Dheireadh Fómhair.

Bíonn trí bhád mhóra crúbóige ag obair ar feadh na bliana agus tá bád crúbóige níos lú ag obair go páirt-aimseartha. Tá inneal 50-75 each-chumhacht ag na bádaí beaga agus bíonn siad ag obair idir 4-5 míle ón chósta.

Cuirtear na potaí crúbóige ar an ghrinneall i ndoimhne ceithre fheá dhéag agus níos mó, le thart fá scór méadar eatarthu ar líne atá marcailte le baoite agus brat ag achan cheann den líne. Ní potaí traidisiúnta coill a baintear úsáid astu níos mó ach potaí cruaiche le clúdach plaisteach orthu agus rópa níolóin in ionad rópa cnáibe

Bíonn cúpla bád ag iascaireacht gliomach agus bradán go páirt-aimseartha. Ní fiú a bheith ag dul do gliomaigh taobh amuigh den tréimhse ó Bhealtaine go dtí mí Mheán an Fhómhair toisc go gcuirtear síos na potaí ar imeall an chósta,



comhgarach do charraigeacha. Dá mbeadh doineann ann, dheanfaí scrios ar na potaí. D'ainneoin go bhfuil dúil ag crúbógaí i mbaoite úr, deirtear gur

fearr le gliomaigh baoite stálaithe! Tá meath tagtha ar cheap na mbradán le bliantaí beaga anuas. Ní théann doimhneacht na farraige i gCuan na Long thar sé feá dhéag (36 troigh) go dtí go dtéann tú thar an líne idir Bhá Cladach Leathan agus Cheann Bréithe.

Maidir le muiriascaireacht slaite, tá trí nó ceithre bhád cairtfhostaithe ceadúnaithe ag obair amach as na Dúnaibh agus taobh



amuigh den fhostaíocht dhíreach a dhéanann siad a sholáthar, is mór an tairbhe iad dófa siúd i dtionscal na turasóireachta. Tagann tromlach na n-iascairí ó Shasana, ón Ísiltír, ón Bheilg agus ó Thuaisceart na hÉireann agus tháinig bláth ar shaothar an choiste nuair a reachtáileadh Craobh Dhomhanda Mhuiriascaireachta Slaite anseo sa bhliain 2003. Ghlac iascairí as sé thír dhéag páirt ann agus d'éirigh thar barr leis agus tá na Dúnaibh i mbéal pobal na muiriascairí slaite idirnáisiúnta dá bharr.

Tá na taltaí éisc is fearr san Eoraip againn anseo agus is iomaí cineál iascaireachta a fhéadfadh freastal a dhéanamh air. Bhí lá amháin anuraidh a rugadh ar beirt 's fiche de chineáil éisc éagsúlacha, mar shompla. Rugadh ar an chéad Scáta Coitianta de mheachán 171 punt ar an 18ú Meánfómhair, 2001.

Thaispeáin UTV roinnt cláracha ar iascaireacht na dTuinnín ar na mallaibh. Is é iascaireacht na dTuinnín an iascaireacht is nua-aimsirigh san chuid seo tíre agus tá cliú agus cáil ar an cheantar de bharr na gcláracha teilifíse seo. Rugadh ar an chéad Tuinnín Eite Ghorm de mheachán 344 punt ar an 14ú Deireadh Fómhair, sa bhliain 2000. Beireadh ar cheithre thuinnín déag sa bhliain 2004. Cuirtear ar lipéadaí ar na héisc iontacha seo agus caithear ar ais 'na farraige iad, áit a dtig monatóireacht a dhéanamh orthu tré shaitilít! Is tairbhe breise do thionscal na turasóireachta é

go dtarlaíonn séasúr na dTuinnín i míonna Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair. Bíonn Féile Mhuiriascaireacht Slaite á reachtáil ag an Choiste go bliantiúil le linn deireadh seachtaine na Saoire Banca. Bíonn Safari Siorca i rith na seachtaine deireannaigh de Lúnasa go bliantiúil fosta, ag toiseacht ar Luan na Saoire Banca. Is iad Siorca Gorma (6 troigh ar mheán-fhad) agus Siorca Porbeagle (4.5 troigh ar mheán-fhad) na cineáil is coitianta. Rugadh ar dheich siorc lá amháin sa bhliain 1990, idir 3-8 míle ó thuaidh ó Dhumhaigh. Cuireadh lipéad ar ochtar acu agus cuireadh ar ais san fharraige iad agus tugadh beirt, de mheáchan 144 punt agus 126 punt i dtír. Is gráin le h-iascairí na róna mar is léar dóibh go ndéanann siad andhochar d'eangacha agus d'éisc araon. Beirtear ar eascainn conger i bpotaí crúbóige go minic agus is iad ata contúirteach lena gcuid fiacla ata comh géar le rásúr. Bíonn siad idir 4-9 troigh ar fhad. Tá na hochtapaí beaga agus scuid ar bheirt de na cineáil éisc is mí-choitianta ar a mbeirtear corr-uair sna farraigí seo i rith an tsamhraidh agus chonacthas rosualt amháin ar a laghad. Cartadh roinnt míolta móra marbh i dtír ar na cladaigh ó am go h-am fosta. Tá na céadta long briste ar an ghrinneall ar chósta thuaidh na hÉireann mar ba seo an slí a lean Convoy an Atlantaigh Thuaidh le linn Chogaidh Domhanda 2. Pléascadh morán acu le mianaigh agus is iomaí ceann a chuir bádaí fó-thuinne na nGearmánach go tóin i rith an dá Chogadh Domhanda. Tá 109 long bhriste ina luí laistigh de dhaichead míle ó na Dúnaibh. Ina measc seo tá an Audacious, long chogaidh 23,000 tonna agus an Justicia, 32,000 tonna, an dara soitheach a ba mhó ar an fharraige ag an am ar cuireadh go tóin í in 1914. Tá morán acu seo ina luí i gcóngar don Mhaol Rua agus do Chuan na Long. Is maith an rud seo do lucht an mhuiriascaireachta slaithe mar tá a lán cineáil agus méid éisc ar fáil thart fa na longanna briste seo. Ina measc tá Súilíní Donna agus Dubha, Langa, Cadóg, Trosc, Cnúdáin Dhearga agus Liath, Fámairí, Balláin agus Glasáin.

BÁS FOILL MUC MÓIRNE.

Bí na Fianna as feilt lá iongantach fuar. Ar a teocht irtead dóib inf an oíche cuairt fionn dá teicead leif an teimh.

Bí buairt ar Conan nác bfacead ré buille ariam le buaidh nác mbuailfead ré, agus nác bfuairt ré ariam focal le rad nác nóbairt ré.

Smaoitis ré sup maic an buille rin, agus buail ré buille ar fionn inf an dá iorfaid agus lúb ré fíor é.

Teic Conan annsin agus ó rin amac d'imir fionn ac uile feall ar clannaid móirne.

Bí darrairdeact de Clannaid Daoirgne ann, agus mar rin d'éigin do Clannaid Móirne teicead.

Cuairt Foill irtead a carraigis taob ó tuairt do tír Conail comsairac do Ror Foill as teicead fíom Clannaid Daoirgne.

Bí ré beo feal aimpire irtois annsin ar faoósaid agus darrirgid.

Bí fíor as fionn sup mar seo bí ré beo. Cuir ré rseal irtead cuise as iarraid ar san na neiceannaí seo a deánam.

Bí buairt ar Foill rud ar bit a ciorraide ar rin an rud a caitead ré a deánam.

"Óc, tá fíor aise anoir" arfa Foill, "so scaitir mife a eul amac i n-éadan mo námaid."

Nuair a bí ré as rseal na carraigis, "Seo anoir," a veir ré "naoi oírta rícead san bia—rud nác rad don neac beo ariam—ar an taob ó tuairt do'n carraigis buirb seo as ói an tráile feirde ruairde."

Cuairt ré ariam fíom a faoíal sup muc a cuirfead un dair é, agus ní faca ré a'n muc ariam nác mairfead ré.

Cé carad ar an a eul amac do ac muc Smolac mac Smoil, fear do Clannaid Daoirgne.

Bí Foill las leif an thorsad agus cuir ré le muc Smolac mac Smoil agus cuir muc Smolac mac Smoil leif-rean. Bí rad marb taob le taob agus rin mar cuir Foill mac Móirne an sairsideac ba tréanmaire bí i n-éirinn. Agus rin an t-ádh ar a veigtar Ror Foill ar an ceannar ud ó'n lá rin so uci an lá moiu.

Cápla Seanfhocal

mairebh
le tace
agus
mairebh
gan é:



Cuibhí Cuid

(ar leanstan ó Eagrair na Nollag).

Cuid a dó. An tam a chaith mé sa "Model", ainm Tí Ósta, "Living Stonie", 42 Kerrs Lane, Falkirk nah Alban.

Bhí an chéad chuid don scéal ole go leor ach tá níos measa le theacht.

Bhí na dreancaidí cosúil le druideogaí ar eitleog agus na meala cosúil le partáin bheaga. Bhí muineál mór dearg ar an chuid is mó de na fir agus eadrainn féin ní hiontas mór é go raibh. Bhí an craiceann righin ar na seanbhuic agus lena chois sin bhí bréiseach á gcaitheamh acu ar a muineál. Bhí go maith agus ní raibh go hole. Ansin tháinig an D.D.T. ar an tsaol agus chuir sin múineadh orthu agus deireadh leis an tochas. Ole go leor agus mar a bhí sin bhí an troid ag deireadh na seachtaine níos measa. Is cuimhne liom an bainisteoir a bhí ann, "Lapsley". Fear mór láidir agus fabhtach a bhí ann. Sílim gurbh as Glaschú é. Bhí madadh mór alsasach aige ar téad deas den doras cúil agus go minic ba é réiteoir na troda é. Is cuimhne liom troid gach deireadh seachtaine. Tháinig an fear mór toirteach seo isteach san "Model" agus ba é an leasainm a bhí

Na 'TRÍ beasda' is fearr:-*Θεαν
bheas, cλora bheas, cαιρceos
bheas.*

Na 'TRÍ rudaí' is zéire ar
bithe:-*Θεαλγ λάιβε, fιαcαl con,
focαl αμαδάιν.*

Na TRÍ rudaí nar thuis
Aristotle:-*Τεαcηt is imeαcηt na
ταοιτε, cρónάη na mbeαcη,
ιητεαcηt na mβαη.*

TRÍ rudaí atá chomh maith le TRÍ
rudaí níos fearr ná iad:-*Caσός
bhréiτε λά σεαcα, uisce σαλαcη αλγ
máχαση τιηε, βεαη ζηράηηα αλγ
φεαρ δαλλ.*

TRÍ tréithe na féinne:-*ηεαrτ
' nάR ηζέαλγ, fίριηηε ' nάR mβeολα,
γλαηηε ' nάR ζcροίτηε.*

air na an liúidir. Fear tachall a bhí ann agus le na chois sin, bhí sé maith ag troid. Oíche Dé h-Aoine a bhí ann agus bhí an chuid is mó againn ar meisce. Chraith cruitineach as Glaschú ubh lofa air agus chrág sé é san éadan. Ba é sin tús an raicáin. Chuir mé geall de scilling ar an liúidir leis an troid a bhaint. Bhí sé ag fáil lámh in uachtar ar an chruitineach ach le sin thug "Lapsley" an bainisteoir isteach an madadh "alsasach". Fuair sé greim tóna ar bhriste an liúidir lena chraos agus stróch sé an tóin amach as. Choinnigh an liúidir ag troid leis agus an alsasach ag stróchadh an tóna as a bhriste. Bhí an cruitineach ar a ghlúine ag an am seo agus an liúidir cromtha síos agus greim cornaigh (na sceadamán) aige air. Le sin thug an alsasach fa déar na baotí eile ag crochadh anuas. Fuair sé greim orthu lena chraos agus lig an liúidir bocht scread mire as. Scar an madadh agus léim sé, scaoil sé amach a ghreim.

Bhí droch dhóigh ar an liúidir ach chuir sin deireadh leis an troid. Bhí go maith agus ní raibh go hole. Is é sin an dóigh a raibh sé ag an am!!

Prionnsias Mac Giolla Bhríde

“Doire a’ Chasáin Mór”



Sheas mé ag barr mhalaigh an mhuilinn, agus smaointigh mé ar an am a chuaigh thart, - an tsean am. Tháinig seort uaignis orm nuair a chonaic

me “Doire a’ Chasáin Mór”, scríofa go h-implíneach ar an chloch ghleoite eibhir. Chuimhnigh mé ar an nach raibh feidhm ar bith le ainm na mbailte fearann a bheith scríofa ar leac ar bith, mar bhí fhios ag achan duine ainm gach cnoc, gleann, alt agus sruthán, agus ainm achan duine a rabh cónaí ortha ionta.

Ba mhaith liom cur síos a dhéanamh san eagrán seo ar Dhoire a’ Chasáin Mór, mar bhí sé i m’óige.

Agus mé im’ sheasamh anseo, mar a bhfuil mé inniu, bhéinn ag amharc síos ar an mhuilleann, agus ag éisteacht le fuaim an rotha mhóir adhmaid á chur thart ag brú an uisce ón dam. Tá’n t-uisce agus an dam ann go fóill, ach táid faraor ina luí ciúin díomhaoin. Tá’n muileann leagtha, agus gan le feiceáil ach carnán cloch, ‘san áit ar ghnáth le lucht an pharóiste theacht lena gcuid coirce, agus ghabhail na ‘bhaile le dóthain mine fá choinne brachán na bliana.

Tá teach Mhicí Andy ansin ag barr na mal-lacha, áit a raibh cónaí ar Mhicí, Katie Hannah agus Caitlín, trí ghlún ag cur futha go suáilceach agus ag obair go dícheallach.



Ard na dTri- oplóg

Suas an lane ón áit a bhfuil dealbh na Maighdine Muire bhí áith aoil, agus ansin bhí trí theach le chéile san áit a dtugtaí “Ard na dTrioplóg” air.

Bhí siopa ag Micí Mhaire, agus a bhean Katie Ruairí Éamoinn. Siopa breá a chuir achan rud dá raibh ‘e dhith ar dhaoine ar fáil dóbhtha. Fuair Micí bás, ach lean Katie mar shiopadóir,



go dtí gur thit sí, agus gur bhris a scoróg, cúpla seachtain indiaidh daofa siopa úr a oscailt. Choinnigh Julia, neacht Katie, an siopa ag gabhail ina

dhiaidh sin. Bhí deartháir ag Julia – an Doctúir O Siadhail—a bheadh i mbun an tsiopa go minic. Rud ait, mar gur sagart a bhí ann a bhí ina rúnaí ag an Easbag agus ina chigire teagasc críostaí ar na scoltacha sa Deoise. Bhí beirt mhac ag Julia, Jack agus Hugo, iad beirt ina máistrí scoile. Tá Hugo i Rath Mhaoláin go fóill, ach tá Jack curtha le cúpla bliain. Chaith Jack mór-chuid dá shaol ag múineadh i scoil Dhoire a’ Chasáin, agus ba bhreá an máistir é.

Bhí dhá theach eile ansin in Ard na dTrioplóg mar bhí, teach Den William Chiain, agus teach Andy Sharcha. Bhí Den William Chiain pósta ar Shiúsaí Den (deirfiúr do Jimmí Mhicí). Bhí mac amháin acu, Jimmy, a fuair bás agus é óg.

Bhí beirt mhac ag Andy Sharcha, Micí agus Ned. Níor phós ceachtar acu, agus níl, mar sin, aon duine beo dena bpór. Fir léannta a bhí iontu beirt, agus san am sin chan achan nduine a raibh ar a gcumas litir a scríobh – go háirithe litir oifigiúil-agus ba chuig Micí agus Ned a rachadh lucht an bhaile lena gcuid litreacha a fháil scríofa. Scríobh Micí léar amhrán. Bhí ceann amháin ag cur síos ar bhádh an ochtair iascaire i gCuan na Long i 1848. I mBéarla a scríobh sé é. Níl oiread cliú air is atá ar an cheann a scríobh Andrias Mac an tSaoir, ach leoga tá sé díreach comh maith.

Tá ’n dá theach leagtha le fada. Siar giota beag ó na títhe sin tá teach John an Mháistir. Máistir scoile a bhí i n-athair John, agus bhí deirfiúr aige, Nóra, a bhí ag teagasc i scoil Dhoire a’ Chasáin. Pósadh



John ar dheirfiúr do Johnny Mhac Cai-feartaigh as Cnoc na h-Aiteannaí. D'imigh siad go Meiriceá agus níor phill siad níos mó.



Cnoc na h-Aiteannaí

Thuas os cionn Árd na dTrioplóg, ag luí isteach le Croich an Toir atá Cnoc na h-Aiteannaí. Bhí ceithre teach ann: Teach Den Mhóir, Teach an Bhacáin, Teach Mharcuis Dhonnchaidh Eoghain, agus Teach Mhic Cai-feartaigh. I dteach Den Mhóir bhí Den Rua, Páidí, Annie agus Sarah. Tá loch thuas ar bharr an chnoic ar a dtugtar Loch Den Mhóir,



áit a mbeadh rásaí bádaí beaga i bhfad ó shoin. Bheadh bád beag déanta ag na tachtáin uilig, agus Domhnach i lár an tsamhraidh bhíodh na

rásaí acu ar an loch.

Ansin bhí teach An Bhacáin. Níl fhios agamsa ná ag'nduine dár chuir mé ceist ortha tuige ar tugadh an t-ainm sin ortha. I dteach an Bhacáin bhí Den, Stíophan, Páidí, John agus Seán. Bidy a bhí ar an mháthair, agus níor chuala mé ar an athair ariamh ach an "Bacán mór". Bhí Stiopán ina cheoltóir iontach. (Mar a bhí Den Rua agus Eoghan Dhonnchaidh Eoghain, a bheirt chomharsan).

Bhí cliú agus cáil ar Stiophán mar cheoltóir bailéid. Cheolfadh sé i n-Óstán na Trá go minic. D'amharc sé seort cosúil le Bob Geldof. An dá amhrán is mó is cuimhneach



liomsa é ag ceol ná "Maolmuire 'n Bhata Bhuí" agus "The Rocks of Bonn". Bhí léar amhrán aige, iad uilig scríofa síos aige, ach ní fios cá deachaigh siad.

I dteach Mhic Laifeartaigh bhí Páidí Bán, Den, Johnny, Grace (a bhí pósta ar Andy



Dhomhnaill) agus bean eile a phós (mar a dúirt mé) John an Mháistir. Fuair Páidí agus Den bás i nAlbain. Fuair Johnny bás anseo. Níl aon duine acu fágtha anois, ach tá an teach ina seasamh go seascair.

Teach Mharcuis Dhonnchaidh Eoghain an teach amháin do na seantithe a bhfuil cónaí ann go fóill. Bhí Marcus pósta ar Mhaggie an Choyley as an Ardbán agus bhí triúr clainne acu – John, Máire agus Marcus.

Tá Marcus i Meiriceá, Máire ar an Chraosloch agus tá John ina chónaí go sona i gCnoc na h-Aiteannaí go fóill. Bhí deirfiúr ag Maggie- Annie- a fuair bás ina h-óige agus thóg Maggie a h-iníon Bríd. Chuaigh Bríd go Meiriceá, ach fuair sí bás óg fosta amuigh ansin. Bhí deartháir agus deirfiúr ag Bríd a tógadh i dteach a n-athara i nDubhaigh – Teach Mhicheáil.

Tá teach galánta úr tógtha ag Mac Tony Den Anton, sé sin Anthony, ar an mhalaigh idir ard na dTrioplóg agus Cnoc na h-Aiteannaí.

Baile an Mhullaigh

Ceithre teach a bhí i mBaile an Mhullaigh. Teach Mhuiris Shisile - Bhí Muiris pósta ar Bhiddy Mhicí Eoghain agus bhí beirt iníon acu, Máire agus Péigi. Bhí Peigí pósta ar Jimmy Ned Ruairí ar an Mhuirleog. Áit a bhfuil sí go fóill. Chaith Máire mór-chuid dá saol in n-Albain. Fuair sí bás cúpla bliain o shin.

In aice le teach Mhuiris Shisile bhí teach Charlie Harley. Mac do Mhicí Mharcuis ab é



Charlie. Bhí sé pósta ar Katie Donn John Thuathail.

Thíos faoi na tithe sín bhí teach Shéamuis Sharcha agus teach Den Shúisí. Bhí Séamus Sharcha pósta ar Bhiddy Pháidí Mhuiris agus clann mór acu- Máire, Katie, Peggy, Biddy, Madge, John, Jimmy, Páidí, Ned.

Tá ballóg theach Den Shúisí ansin go fóill ach níl 'nduine acu fágtha. Níor phós Den



Shúisí. Bhí sé ina dheartháir ag Jimmy Mhicí. Bhí aintín agus uncal ina gconaí leis, Boydie Shúisí agus Hannah. Ach bhí sin i bhfad roimh ár n-am.

Tabhartar Doire a' Chasáin féin ar an phíosa talaimh sin idir Ard na dTrioplóg agus an Baile Úr.

An chéad dá theach, iad leathscoite, faoin díon amháin, ná teach Jimmy Andy agus teach Hughie Mháire.

Ba é Jimmy Andy agus a bhean Máire Mhicí Chanainn as an Ardbhán, a bhí ina gcónaí san teach ba deise don bhealach mhór. Bhí beirt



mhac acu. Andy a fuair bás i Meiriceá cúpla bliain o shoin agus Mici a dtabhartáí "Steamman Shields" air thall in Albain agus i Sasana. Fuair Mici bás i Leeds Shasana i dtús na nóchaidí.

San teach eile bhí cónaí ar Mharcus Rua agus ar Mhicí Hughie Mháire, beirt dheartháir. Bhí deartháir dóbhftha Jimmy i Meiriceá pósta ar Fanny bheag O'Canainn as an Ardbán. Bhí beirt deirfiúr acu fosta, Máire pósta ar Haughey i dTeileann agus Neansaí pósta ar Stephen Jack as An Chlochbán.

Teach mór réacála a bhí i dteach Mharcuis Rua, agus chruinníodh aos óg na h-áite isteach ann achan oíche. Boic léannta a bhí i Marcus agus i Mici agus thugadh siad ar na hóganaigh an páipéar nuachta a léamh os ard, agus dá bhfuaimníodh duine acu focal contráilte, cheartófaí iad. Seort scoil oíche a bhí ann agus mar i gcéanna le teach Ned agus Mhicí Sharcha. Is maith is cuimhneach liom an t-aos óg ag déanamh suas a n-intinn, cé aca teach a rachadh siad ann a chéad uair. Tá 'n dá theach druite dearóil agus folamh le fada.

Finola Harte a scríobh agus beidh sé seo ag leanstan ar aghaidh sa chéad eagrán eile.



CRÁ CROÍ I nDUMHAIGH.

DONEGAL FISHERMEN HONOURED



FRONT ROW—JOHN M'FADDEN, REV. J. SHERIDAN, P.P.; MICHAEL CARR. BACK ROW—REV. DR. SHIELS, COMMANDER UPTON, AND SGT. MARTIN.

at the schoolhouse, Derryhassen, County Donegal, the Rev. Joseph Sheridan, P.P., presented the framed thanks on vellum of the Royal National Lifeboat Institution to the fishermen of Doocy, County Donegal, John M'Fadden and Mr. Michael Carr, last year went at great risk to the rescue of two drowning men.

One of these men they succeeded in pulling into their curragh, which has been described by the district-inspector of lifeboats as the most primitive he has ever seen on the Irish coast. Its ribs were of hazel and the bark still on, tied together with several bits of line, and covered with a layer of turf.

It went out in another

curragh to lift lobster pots. A storm came up, with a heavy sea, and their curragh was swamped 300 yards from the shore. One of the men was drowned, but the other was rescued by M'Fadden and Carr, just as he was losing his hold on the oar through exhaustion.

The presentation took place in the presence of a large crowd of fishermen and villagers from neighbouring districts, and after a description of the incident by the District-Inspector, followed by a few words of appreciation by the District Organising Secretary and the Rev. Dr. Shiels, the vellums were presented by the Rev. J. Sheridan, who, in congratulating the men on their achievement, expressed the hope

that these framed vellums of thanks would hang in their homes for many generations. He also referred to the splendid work of the Irish lifeboat service round the coast, and expressed the hope that every parish throughout the land would support it, even by contributing small amounts. He also referred to the interest that Sergeant Martin of the Civil Guard had taken in the case and congratulated him heartily on his action in bringing the matter to the notice of the Lifeboat Institution.

The District Organising Secretary, in thanking Rev. J. Sheridan for presiding and presenting the vellums, referred to the fact that Father Sheridan himself saved life at sea and was in possession of a vellum from the Royal Society.

Ar an aonú lá déag de Mheán Fómhar 1932 chuaigh Den Mac Laifeartaigh (Den Phádraig Den) agus a dheartháir John Rua amach ag iascaireacht gliomach. Bhí Den ceithre bliana agus fiche d'aois agus naoi mbliana déag d'aois a bhí John Rua. Ba seo an chéad lá dóibh a bheith amuigh le tamall agus bhí inní orthu faoina gcuid potaí de thairbhe an tréimhse gaoithe móire a bhí i

ndiaidh a bheith ann. Ní raibh an lá a bhí ann go ró-dhona ach bhí mórtas san fharraige i rith an ama.

Ar an bhealach isteach dóibh ag pointe Dhumhaigh mheas John Rua go mbeadh sé sábhailte go leor dul isteach idir an phointe agus an charraig atá ina luí taobh amuigh de. Cé gur aontaigh Den dul isteach an caolas seo chuir sé in iúl dona dheartháir go

raibh contúirt ag baint leis agus ar an drochuair dóibh beirt bhí an ceart aige. Nuair a bhí siad leathbealaigh fríd an chaolas seo bhuaíl cnapán farraige an currach agus thiontaigh sí. Caitheadh na deartháireacha amach san fharraige ach d'éirigh le Den é fhéin a choinneáil crochta don churrach, a bhí anois bun os cionn, agus fuair John Rua greim ar cheann do na ráimhaí.

Sul má d'éirigh le bunadh na háite tarrtháil a thabhairt orthu b'éigean do Den a ghreim ar an churrach a ligint ar shiúl. Bhí an currach ag éirigh agus ag titim leis an toinn agus a bhuaileadh san ucht. Bhí seo ró-dhian air sa deireadh. Is cosúil gurbh iad na focail dheireannacha a dúirt sé lena dheartháir John sular scaoil sé a ghreim ar an churrach ná 'John, is tusa a d'fhág mise báite'. Nach trom an t-ualach a d'fhág sé le h-iompar ag a dheartháir óg don chuid eile dona shaol.

Ba Seán Mac Pháidín (John Dowdi) agus Mici Mac Giolla Chearra (Mici Eoin) a thug tarrtháil ar John Rua, agus níl amhras ná gur éacht ann fhéin a bhí ansin mar nach

dtiocfadh leis a bheith furasta fear a raibh a dheartháir cheana féin báite agus a bhí i gcontúirt a bháite é féin, a tharraingt isteach i gcurrach. Ach d'éirigh leo seo a dhéanamh agus chinntigh siad gur sábháladh duine amháin sa tubaiste. Tugadh John Rua isteach agus chaith sé trí seachtaine ina luí i dtigh a uncail Hughie Den agus ina dhiaidh sin bhain sé na bonnaí as go hAlban. Ach ní raibh John Rua abálta éalú ó thubaiste an lae sin. Is cosúil gur chuala sé cuid focail agus uail chaointe a dhearthár ina chluasa agus é ó cheann ceann na hAlban.

Níl amhras ná gur ghoill seo go mór air mar gur chaith sé páirt mhaith dona shaol ar an drabhlás. Fuair John Rua Phádraig Den bás in Albain ag tús na seascaidí agus é cúbtha suas istigh i bpíopa coincreít.



AN U-ΔΙΤΗΝΙΟΝ ΣΙΒΗ ΔΝ ΟΔ ΟΥΔΡΑΧ ΣΕΟ??
ΣΤΑΔΙΟΝ ΔΝ ΣΤΡΙΑΝΣΤΡΑΦ ΣΕΟ ΣΑ CAMBRIDGE ARMS,
KILBARR PARK, LONDAN,
ΛΑ' LE ΡΑΔΡΑΙΣ 1966.



Ο' ΦΕΙΟΙΡ ΣΟ ΜΒΕΙΘΗ ΚΑΙΡΟ ΔΑΑ ΣΕΟ ΝΙΟΣ
ΦΥΣΑ Δ ΔΙΤΙΝΤ!!
ΣΤΑΔΙΟΝ ΔΝ ΣΤΡΙΑΝΣΤΡΑΦ ΣΕΟ ΣΑ
ΣΙΒΙΝ ΚΕΟΙΛ ΔΡ ΔΝ 30Ϊ ΙΛΙΛ 1987.



Seo pictiúr a tógadh i mBádchlos Arnon ar chósta iarthuaisceart na Spáinne ag ócáid "Beannú na mBád" i mí Mheán Fhómhair na bliana 2000. S'iad na bádaí móra atá i gceist agus a mbeidh spéis ar leith ag leithinis Ros Goill iontu, sa choirméal uachtarach ar chlé den phictiúr ná: An "Heather Jane II" - D674, úinéir Hugh Mac Giolla Bhríde, Na Dúnaibh, An "Regina Pontí" - SO 345, úinéir Eddie Kelly, an Caisleán Glas agus an "Peadar Elaine II" - D678 úinéir Pete Mac Giolla Bhríde, Na Dúnaibh. Sa phictiúr fosta, ar dheis ar fad, tá Hugh, úinéir an "Heather Jane II", agus roinnt cairde leis as Ros Goill. Ó chlé: Micheál Ó hOireachtaigh, Louie Ó Buidhe, Máirtín Ó Cathasaigh agus an tAthair Cathal Ó Beirne.



N lé nach bhfuil láidir,
caithfidh sé
bheith glie



'He who is not strong must be clever'

-RISH POWERS

FEADAÍMÓ

(Is é an scéal go dtí seo ná go bhfuil Feadaímó, gasúr mór láidir atá seacht mbliana d'aois agus cumhacht na tairngreachta aige ag déanamh iarracht cuidiú a thabhairt dona athair Páidí. An bhliain 1807 atá ann agus tá Sasana agus an Fhrainc in adharca a chéile agus 's iomaí Gael bocht tógtha ag cuid Press Gangs na Sasana thart faoin chósta agus curtha isteach sa chabhach. Tá long ina luí lomseolta, teann leis an chósta faoi scáth Chnoc na Sleá, ag fanacht ar chomhartha ón churach atá amuigh acu agus ina bhfuil dhá ghnadóir ina luí i dtóin an churaí. Bhí an curach fabhtach seo ag tarraingt ar churach athair Fheadaímó agus ar dhá churach de chuid na gcomharsan, ceann Hiúdaí Hughie Mhóir agus ceann Eoinie Eoin Bhig, agus é ag déanamh iarracht dhul eadar iad agus an cósta. Tá Feadaímó tar éis an Meall Mór a bhaint amach agus tá sé ag scairtigh le rabhadh a thabhairt don bheirt sa churach, a athair agus a uncail Proinsí Rua.) Bhí iontas go brách ar Pháidí nuair a d'aithin sé a mhac nach raibh ach seacht mbliana d'aois ag an am ag léimint thart ina leithéid de áit chontúirteach. D'iarr sé ar Phroinsí Rua an pota gliomaigh a bhí sé i ndiaidh a thógáil a chaitheadh amach arís mar go raibh rud inteacht ciotach. Rinne Proinsí mar a hiar-radh air agus thug an bheirt acu a n-aghaidh ar Fheadaímó. Bhí méar Fheadaímó

sínte i dtreo curai a bhí ag tarraingt ina dtreo. Chonaic Páidí an curach céanna níos luaithe ach níor thug sé aird ar bith air ach anois thug sé faoi deara gur curach coimhthíoch a bhí ann. Le sin chonaic Proinsí fear a bhí i bhfolach sa churach ag tógáil a cheann go slítheánta le amharc súl a fháil orthu. "Cac a diabhaíl orthu, Pressers atá iontu," scairt sé. Luigh an bheirt acu ar na rámháí. Dhírigh siad gob na gcurach ar cheann an Mhill Mhóir agus tharraing siad an méid a bhí ina gcoirp. Chuala Hiúdaí Hughie Mhóir an rírá agus thuig sé ar an bhomaite an chontúirt a bhí ag teacht ina dtreo. Thug Hiúdaí scairt do Eoinie Eoin Bhig a bhí níos faide amach agus chomh tapaidh is a bhainfeá smeach as do mhéar bhí an trí churach ag léimint trasna na farráige mar a bheadh cúnna dubha i ndiaidh giorria, ach is é an giorria a bhí mar sprioc acu an lá seo ná béal na Maoil Ruaidhe.

Bhí a fhios ag na Sasanaigh nach raibh seans ar bith acu breith ar rámhaithe áitiúla nuair a bhí an buntáiste acu agus iad ag iarraidh a mbeatha a thabhairt slán leo. Lena chois sin bhí eolas acu ar achan sruth agus ar obair na dtaoidí. Fios acu fosta ar gach carraig fabhtach



agus ar gach sceir chontúirteach agus ar na sruthanna fealltacha údaí agus na dóigheanna le iad a sheachaint. Sheas fear de na Sasanaigh sa churach agus dhírigh sé a ghnúna ar Pháidí agus scairt sé rabhadh. "Stop or drop." Ní raibh sé ach ceithre scór slat nó mar sin ar shiúil agus shíl Páidí gur Naomh Peadar an chéad duine eile a mbeadh sé ag comhrá leis muna stopadh sé, agus ní raibh sé chun sin a dhéanamh. B'fhearr an bás ná sclábhaíocht i gcabhlach na Sasanach. Theann an mairnéalach an muscaed lena ghualainn agus chonaic Páidí an seithgháire ar a bhéal agus an míthrócaireacht ina shúile. D'imigh an míthrócaireacht agus tháinig iontas sna súile céanna nuair a phléasc a ghaosán ina eas fola agus thit sé amach as an churach. Is ansin a

thug Páidí faoi deara Feadaímó ag teilgean cloch lena chranntabhaill. Ba mhinic roimhe seo a chonaic Páidí Feadaímó ag gabháil don chranntabhaill agus nach minic a thug sé coinín nó lacha fhiáin abhaile don dinnéar. Níor thug sé mórán aird air mar gur caitheamh aimsire páiste a bhí ann ach anois chonaic sé gur modh troda den chéad scoth a bhí ann mar bhí na clocha ag eitilt thart faoi chloigne na mairnéalach eile mar a bheadh míoltóga ann. Chuala Páidí anois na saighdiúirí sa champa ag gáire agus ag caitheamh maslaí leis na mairnéalaigh siocair iad a bheith buailte mar sin ag gasúr óg. Shroich na curacha pointe an Mhill Mhóir agus thiontaigh siad ó dheas isteach i sábháilteacht na Maol Ruaidhe. Nuair a chonaic Feadaímó na curacha ag dul as amharc chaith sé cloch amháin eile agus ansin bhain sé na bonnaí as agus scairteacha feargacha na mairnéalach a leanúint. Bhí ainm Feadaímó i mbéal na ndaoine i ndiaidh an eachtra seo agus tháinig na daoine ina sluaite go teach Phaidí sna tráthnónta le thuilleadh a chluinstin faoin lámh in uachtar a fuair Feadaímó ar an Press Gang fabhtach. Bhí Clann Hiúdaí Hughie Mhóir agus clann Eoinie Eoin Bhig fíor-bhuíoch don ghasúr óg fosta mar gur shábháil sé fir s'acusan agus bhí siad mar chairde aige ó shin amach. Fiú amháin Connaí Con Mhóir, an fear ar scaip Feadaímó na caoirigh air, thug sé maithiúnas dó mar go raibh deirfiúr s'aige pósta le Eoinie Eoin Bhig. Is é an t-aon fhear amháin nach raibh sásta ná John Mór John Bhig. Bhí cliú a mhadaidh millte agus ní raibh i dtafann nó i ndrannadh s'aige níos mó ach ábhar gáire ag boic óga an cheantair. Lean Feadaímó ar aghaidh lena shaol gan mórán iontach ag cur isteach no amach air. Achan tráthnóna ghlan sé amach an bóitheach, bhain sé bascaid de phrátaí agus nigh sé iad sa tsruthán. Thug sé an mhóin isteach 'na tí agus thug sé cochán do na ba. San oíche ansin shocraigh sé sa choirnéal agus d'éist sé le scéalta faoi Fhinn Mhic Chumhail agus Chúchulainn gan trácht ar na scéalta faoi tháibhsí a chuirfeadh an ghruag ina sheasamh ar do chloigeann agus a chuirfeadh eagla an domhain ort roimh an dorchadas. Bhí achan rud ag dul i gceart agus cé nach raibh leathphingin ag aon duine ní raibh siad doiligh a shásamh agus fhad is go raibh prátaí agus bainne acu ní chluinfí focal gearáin uafa. Níor tharla a dhath iontach faoin íochtar nó faoin cheantar mháguaird go dtáinig Feadaímó in aois a trí déag agus an lá seo bhí sé ag cróigeadh móna thuas ag Loch as Alt nuair a chuala sé pléasc gunna agus fir ag scairtigh. Léim sé amach ar an bhruach agus d'amharc sé thart. Bhí na fir



uilig ina seasamh ag amharc siar ar sheilg a bhí ar siúil. Bhí scaifte de shaighdiúirí dearga sna sála ar fhear óg a bhí ag rith an méid a bhí ina chorp. Fear óg breá aclaí a bhí ann agus is dóiche go dtiocfadh sé crua go leor ar na saighdiúirí greim a fháil air. Ach i ngan fhios dó, bhí leath-dhosaen Dragún ar chapail bhreátha ag fanacht i bhfolach ar chúl carraige móire, an charraig chéanna a raibh an fear óg ag díriú isteach air le luas giorria. Thosaigh na fir ag scairteadh mar rabhadh dó ach leis an ruaille buaille agus scairteach na saighdiúirí níor thuig sé iad. Léim na capaill amach ó chúl na carraige agus ar shiúil leo cosa in airde i dtreo an éalaitheigh bhoicht. Thiontaigh an fear óg agus theann sé le Feadaímó agus na fir. D'aithin Feadaímó anois é. Seán Mhaire Den a bhí ann, comharsa béal dorais dá chuid féin. Ag an am sin bhí an gaol idir mhuintir bhaile fearainn amháin chomh teann le gaol fola. Ní raibh seans ar bith ag Seán leis na beithigh agus bheir siad air gan buaireadh. Bhuail duine de na dragúin é le cos a lansa agus thit sé ina chnap ar an chaorán. Tháinig na saighdiúirí ansin agus thosaigh siad a chiceáil agus a bhuaileadh lena ngunnaí. Bhuail taom feirge Feadaímó agus lig sé béic as.— **Beidh an chuid eile den scéal seo ins an chéad eagrán eile. (Cranntabhaill - sling)**



Seachtain na Gaeilge



Bíonn Seachtain na Gaeilge á eagrú ar fud na tíre ach an bhliain thart ar Lá na Féile Pádraig agus imeachtaí d’achan seort á reachtáil thoir agus thiar, thuaidh agus theas, in onóir an Naoimh Náisiúnta. I bhfus anseo i gceantar Ros Goill reachtáil Céim Aniar imeachtaí éagsúla agus tá pictiúir de chuid acu le feiceáil thíos.



Bhí “Maidin le Caife as Gaeilge” ar siúl sa Choláiste Gaeilge ar an 16ú Márta. Seo thuas cuid den mhuintir a bhí i láthair. Tá muid fíor-bhuíoch dóibh uilig agus do gach duine a tháinig agus a thug idir airgead agus chuidiú dúinn, nó a rinne bácáil don ócáid. Tógadh €320 agus rachaidh seo chun tairbhe do Sheirbhís Tarrthála Cósta agus Beanna Chuan na Long.



Seo thuas seisiún Scéalaíochta agus Amhránaíochta do na páistí óga á stiúradh sa Choláiste ag an amhránaí chliúiteach as Rann-na-Feirste, Gearóidín Breathnach. Ar ndóigh thaitin seo go mór leo uilig agus ní hiontas ar bith sin – tá fios a ceirde ag an mhaoi seo agus dóigh ghalánta aici leis an mhuintir óga.



Agus bhí Céilí agus Damhsa Seanaimseartha sa Choláiste oíche Chéadaoine an 22ú Márta agus bhain ach an duine sult is sport as mar tá le haithint sna pictiúir thuas. “Hup” a dúirt sí!!

I measc na n-imeachtaí eile bhí comórtas “Seó Fuinneog” ag lucht gnó agus siopaí agus tá ard-mholadh tuillte ag Siopa Poitigéara Aidan, ag an Réalt Thuaidh agus ag an Síbín Ceoil as an obair a chuir siad isteach i máisiú a gcuid fuinneog – maith sibh féin! Bhí Comórtas Ealaine ann do ranganna 1 agus 2 sna bunscolanna agus seo iad na buaiteoirí: Jake Mac Nuadhat, Sinéad Ní Mhontgomerí, Declan Carthy agus Kerri Nic Lachlainn. Bhí, fosta, cupla babhta de Thráth na gCeist Bord san áireamh agus chríochnuigh sé le ceann deireannach na sraithe sa Síbín Ceoil. Beidh tuilleadh eolais agus pictiúir faoi seo agus faoi bhronnadh an airgid sa chéad eagrán eile.

An Spidéal go Bráth.

Comhghairdeas le Aisteoirí Mhíobhaigh atá cáilithe don Fhéile Náisiúnta sa Spidéal ag deireadh na míosa. Beidh Paddy Cullen agus an chuid eile den fhoireann ar an ardán thíos

ar an 29ú lá ag a hocht a chlog. Tá shúil againn go n-éireoidh go maith leofa. Comhghairdeas fosta le Ann Marie a fuair duais aisteoireachta agus le John Mhicí Rua agus Francie a bheas ag déanamh an Agallamh Beirte thíos.

